AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.2.2020
COM(2020) 59 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh Leasuithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago

IARSCRÍBHINN

Seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh Leasuithe ar roinnt Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago

1. SEASAMH ATÁ LE GLACADH

Glacfaidh Comhairle ICAO, le linn a 219ú seisiún ag tosú an 2 Márta 2020, roinnt Leasuithe ar Iarscríbhinní éagsúla a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht, timpeallacht agus aerloingseoireacht. Sa chomhthéacs sin, ag féachaint do reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais, tá an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ina 219ú seisiún de Chomhairle ICAO mar seo a leanas.

1.1. Leasú 176 ar Iarscríbhinn 1 maidir le Ceadúnú Pearsanra (mír 15 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

Ag féachaint go háirithe don ailíniú le Leasú 5 ar na Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta — Oiliúint (PANS-TRG, Doic. 9868), tacaíocht, ina sonraítear na moltaí seo a leanas arb é is aidhm dóibh solúbthacht iomchuí i gcomhthéacs forbairt nuálach aerárthach a áirithiú:

- gach tagairt do na feistí oiliúna ionsamhalta eitilte ar leith (FSTD) atá le húsáid le linn an chúrsa le haghaidh Ceadúnas Píolóta Ilchriú (MPL) dá dtagraítear i Roinn 3 'Eitilt Ionsamhalta' d'Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a scriosadh.
- an coincheap faoi aerárthach ardúcháin inneallghluaiste a léirmhíniú mar seo a leanas: Ciallaíonn "aerárthach ardúcháin inneallghluaiste" aon aerárthach lena ndéantar ardúchán ingearach nó tiomáint/ardúchán san aer ó rótair inbhogtha nó ó innill/gairis tiomána atá feistithe leis an gcabhail nó leis na sciatháin nó atá istigh sa chabhail nó sna sciatháin.; nó ar a laghad an critéar "sciathán dobhogtha" a bhaint amach.

1.2. Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3 maidir le Seirbhísí Meitéareolaíocha Aerloingseoireachta Idirnáisiúnta (mír 16 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.3. Leasú 61 ar Iarscríbhinn 4 maidir le Cairteacha Aerloingseoireachta (mír 17 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.4. Leasuithe 44, 37, 23 faoi seach ar Chodanna I, II agus III d'Iarscríbhinn 6 maidir le hOibríochtaí Aerárthaí (míreanna 18,19 agus 20 ar an gclár oibre)

Tacú leis na Leasuithe leis an eisceacht seo a leanas: an oibleagáid a thugtar isteach le Leasuithe 44, 37 nó 23 atá ar an aeroibreoir chun fíorchóipeanna deimhnithe den chomhaontú in Airteagal 83bis a iompar in aerárthach atá faoi réir comhaontú den chineál sin. Níl aon leas sábháilteachta le baint as an gceanglas trom sin. Mar sin, ní mór an leasú seo a dhiúltú.

1.5. Glacadh Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10 maidir le Teileachumarsáidí Aerloingseoireachta , Imleabhar I agus Imleabhar II (míreanna 21 agus 22 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.6. Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11 maidir le Seirbhísí Aerthráchta (mír 23 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.7. Glacadh Leasú 18 ar Iarscríbhinn 13 maidir le hImscrúdú ar Thionóiscí Aerárthaí (mír 24 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú le barúlacha.

1.8. Glacadh Leasú 15 agus Leasú 9 ar Iarscríbhinn 14 maidir le hAeradróim, Imleabhar I agus Imleabhar II (míreanna 25 agus 26 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.9. Glacadh Leasú 41 ar Iarscríbhinn 15 (mír 27 ar an gclár oibre)

Tacú leis an Leasú.

1.10. Glacadh Leasú 13, Leasú 10 agus Leasú 1 ar Iarscríbhinn 16, ar Imleabhair I, II agus III faoi seach (míreanna 28, 29 agus 30 ar an gclár oibre).

Tacú leis na Leasuithe.

1.11. Glacadh Leasú 13 ar Iarscríbhinn 18 (mír 31 ar an gclár oibre).

Tacú leis an Leasú.

2. MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE TAOBH THIAR DEN SEASAMH ATÁTHAR A BHEARTÚ MAIDIR LE GACH POINTE

2.1. **Leasú 176 ar Iarscríbhinn 1 maidir le Ceadúnú Pearsanra (mír 15 ar an gclár oibre)**

Baineann an Leasú atáthar a bheartú le hailíniú le Leasú 5 ar na Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta — Oiliúint (PANS-TRG, Doic. 9868) i ndáil le: sainmhínithe nua; nuashonraithe ar riachtanais le haghaidh oifigigh oibríochtaí eitilte nó riarthóirí eitiltí, riachtanais eolais, scileanna agus taithí agus forálacha maidir le teagascóirí oiliúna aerthráchta ar an láthair oibre (OJTI) a thabhairt isteach chun rialtóirí aerthráchta a theagasc; leasú ar fhorálacha maidir le haerárthaí ingear-chumhachtaithe agus nuashonraithe beaga ar fhorálacha atá ann cheana.

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.1.2 go pointe 2.1.4.

2.1.1. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún[2], Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún[3],

[1] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus

Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún[4], Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[5]

2.1.2. Ailíniú le Leasú 5 ar PANS-TRG

Déantar sainmhínithe agus forálacha atá ann cheana a ailíniú leis an modheolaíocht nua maidir le hoiliúint agus measúnú ar bhonn inniúlachtaí a tugadh isteach sa PANS-TRG leis an leasú sin. Déantar tagairtí do PANS-TRG a nuashonrú leis agus tugtar isteach sainmhínithe eile amhail faireachán, eitiltí de chuid na bpíolótaí agus faireachán ar na píolótaí, agus bainistiú bagairtí agus earráidí chun tacú le caighdeáin agus cleachtais mholta a nuashonrú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú leis na moltaí seo a leanas:

- gach tagairt do na feistí oiliúna ionsamhalta eitilte ar leith (FSTD) atá le húsáid le linn an chúrsa le haghaidh Ceadúnas Píolóta Ilchriú (MPL) dá dtagraítear i Roinn 3 'Eitilt Ionsamhalta' d'Fhoscríbhinn 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a scriosadh. An Réasúnaíocht: Sonraítear in ICAO Doic. 9625 cheana cén feiste atá le húsáid le haghaidh gach míre oiliúna MPL. Má scriostar na tagairtí ón togra sin, áiritheofar nach mbeidh aon dúbláil ann;
- an sainmhíniú ar aerárthaí ardúcháin inneallghluaiste (in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago) a ailíniú go hiomlán le sainmhíniú an Aontais: Ciallaíonn "aerárthach ardúcháin inneallghluaiste" aon aerárthach a dhéanann ardúchán ingearach nó tiomáint/ardúchán san aer ó rótair inbhogtha nó ó innill/gairis tiomána atá feistithe leis an gcabhail nó leis na sciatháin nó atá istigh sa chabhail nó sna sciatháin[6]. é sin nó, ar a laghad é a leasú tríd an gcritéar "sciathán dobhogtha" a bhaint. An Réasúnaíocht: áirithítear leis sin an tsolúbthacht is gá i gcomhthéacs forbairt aerárthaí nuálacha.

Mura n-éistfear leis na moltaí sin, ba cheart tacú leis an leasú, mar sin féin, ós rud é go bhfuil fiúntas mór ag baint leis.

---

lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

4 Rialachán (AE) Uimh 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1).

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú aerthráchta agus a maoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh.1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/201 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

6 Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1178/2011 an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta.

2.1.3. Nuashonrú ar riachtanais le haghaidh oifigigh oibríochtaí eitilte nó riarthóirí na n-aerárthaí, riachtanais eolais, scileanna agus taithí agus forálacha maidir le teagascóirí oiliúna aerthráchta ar an láthair oibre (OJTI) a thabhairt isteach chun riarthóirí aerthráchta a theagasc

Déantar na riachtanais eolais, scileanna agus taithí a bhaineann le riarthóirí na n-aerárthaí a nuashonrú leis an leasú sin atáthar a bheartú agus tugtar isteach caighdeán chun riachtanais an rialtóra aerthráchta atá ag maoirsiú oiliúnaithe rialtóirí aerthráchta a shoiléiriú. Táthar ag beartú na gcaighdeán i leith taithí oiliúnaithe a leasú chun feabhas a chur ar an bhfoclaíocht sa dóigh go dtabharfaidh na hoiliúnaithe léiriú inniúlachta mar chuid den oiliúint. Déantar an fhoclaíocht faoin tréimhse ama ar lena linn is gá an taithí a fháil a shoiléiriú freisin.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.1.4. Forálacha maidir le haerárthaí ardúcháin inneallghluaiste agus nuashonraithe beaga ar fhorálacha atá ann cheana

In 2014, ghlac Comhairle ICAO athrú i leith síneadh ama a chur le bailíocht na mbeart idirthréimhseach a bhaineann leis an gcatagóir ardúcháin inneallghluaiste chun a cheadú go gcuirfí aerárthaí ardúcháin inneallghluaiste i seirbhís. Ó shin i leith, níor deimhníodh aon aerárthach ardúcháin inneallghluaiste de dheasca imeachtaí gan choinne agus moill a bheith ar thástáil deimhniúcháin agus is gá síneadh breise ama a chur le bailíocht na mbeart idirthréimhseach. Táthar ag beartú gurb é an 5 Márta 2025 an dáta deiridh a bheidh ann le haghaidh na mbeart idirthréimhseach mar go bhfuiltear ag súil le go rachaidh an chéad aerárthach ardúcháin inneallghluaiste i mbun seirbhíse in 2020. Táthar ag beartú leis an leasú go ndéanfar nuashonraithe beaga ar an eolas is gá do cháilíocht eitilte de réir ionstraimí chun an t-aerárthach a ailíniú leis an teicneolaíocht reatha agus chun cuidiú le hiarrachtaí chun imscrúdú feidhmíochtbhunaithe a leabú in oibríochtaí traidisiúnta.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2. **Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3 maidir le Seirbhísí Meitéareolaíocha Aerloingseoireachta Idirnáisiúnta (mír 16 ar an gclár oibre)**

2.2.1. Tuairisc

Baineann an leasú atáthar a bheartú, leasú a d'eascair as an gceathrú cruinniú de chuid an Phainéil Meitéareolaíochta (METP/4), le samhail ICAO um malartú faisnéise meitéareolaíche (IWXXM), an córas faireacháin bolcán le haghaidh aerbhealaí idirnáisiúnta (IAVW), an córas domhanda um réamhaisnéisí meitéareolaíocha aerloingseoireachta limistéir (WAFS), SIGMET, AIRMET agus GAMET[7].

[7] Tagraítear do AIRMET agus SIGMET i Rialachán (AE) 2017/373. Tugtar faisnéis d'úsáideoirí aerspáis maidir le dálaí meitéareolaíocha áirithe leo sin.

Sainítear GAMET i rialacha ICAO. Is é atá ann réamhaisnéis mheitéareolaíoch limistéar i dtaca le réigiún faisnéise eitiltí nó folimistéar ann, i bhfriotal simplí giorraithe le haghaidh eitiltí íos-airde, réamhaisnéis a dhéanann an oifig meitéareolaíochta a ullmhú agus a mhalartú le hoifigí meitéareolaíochta i réigiúin faisnéise eitiltí máguaird, mar a chomhaontaíonn na húdaráis mheitéareolaíochta lena mbaineann le chéile agus is é an

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.2.3 go 2.2.15.

2.2.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373

2.2.3. Luaithreamhán bolcánach athfhuaidreánach[8]

Is é is aidhm don leasú atáthar a bheartú an tuairisciú faoi luaithreamhán bolcánach a éascú i gcásanna imeachtaí luaithreamháin bholcánaigh athfhuaidreánaigh. I dtaca leis sin, is gá an sainmhíniú faoi lárionad comhairleach maidir le luaithreamhán bolcánach (VAAC) (dá dtagraítear i gCaibidil 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago) agus an teimpléad le haghaidh na teachtaireachta comhairlí faoi luaithreamhán bolcánach (dá dtagraítear i dTábla A2-1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago,) a leasú. De réir shainmhíniú VAAC, is é an t-athrú atáthar a bheartú na focail "tar éis brúchtaí bolcánacha", agus srian atá ann a bhaint, dá bhrí sin, agus a chur ar chumas VAACanna ar bhonn níos fearr eolas comhairleach a sholáthar. Maidir leis an teachtaireacht chomhairleach le haghaidh luaithreamhán bolcánach (Tábla A2-1), táthar a bheartú colún na samplaí a leasú chun treoir a chur ar fáil faoi úsáid cheart na téarmaíochta a cheadaítear i gcolún na dteimpléad. Tá sé beartaithe freisin feabhas a chur ar dhá mhír eile i dteimpléad nó i dteimpléid VA ADVISORY lena gcuirtear uimhir bholcáin ar leith in iúl lena hailíniú leis an bhfaisnéis is déanaí sa bhunachar sonraí den Chomhlachas Idirnáisiúnta um Bolcáneolaíocht agus Ceimic taobh istigh den Domhan agus tagairt satailíte le haghaidh an bholcáin sin a nuashonrú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.4. Córas bainistíochta cáilíochta chun seirbhís mheitéareolaíoch a sholáthar

Déanann an leasú atáthar a bheartú tagairtí in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a nuashonrú chun iad a ailíniú le hábhar treorach an chórais bainistíochta cáilíochta, de dheasca scor de na foilseacháin seo a leanas ag ICAO agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta:

- *ICAO Manual on the Quality Management System for the Provision of Meteorological Service to International Air Navigation (Doc 9873)* [Lámhleabhar ICAO maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta chun Seirbhís Mheitéareolaíoch a Sholáthar le haghaidh na hAerloingseoireachta Idirnáisiúnta (Doic 9873)]
- *WMO 1001, Manual on/Guide to the Quality Management System for the Provision of Meteorological Service for International Air Navigation.* [WMO 1001, Lámhleabhar/Treoirleabhar maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta chun Seirbhís Mheitéareolaíoch a Sholáthar le haghaidh na hAerloingseoireachta Idirnáisiúnta].

---

t-údarás meitéareolaíochta a ainmníonn an oifig meitéareolaíochta. Maidir le reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh, déantar tagairt do "réamhaisnéis mheitéareolaíoch limistéar" le haghaidh eitiltí íos-airde' mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (Sainmhínithe) a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373.

[8] Is é téarma ICAO ar luaithreamhán bolcánach "luaithreamhán bolcánach athfhuaidreánach" – ar luaithreamhán bolcánach é a scaoileann gaotha láidre isteach san atmaisféar é tamall tar éis brúchtadh bolcánach a bheith ann, b'fhéidir, agus achar áirithe ón mbolcán féin agus a scaiptear ar bhealach a fhágann gur guais ar aerárthaí é.

Is é WMO-N0 an foilseachán reatha a bhaineann le hábhar. *1100, Guide to the Implementation of Quality Management Systems for National Meteorological and Hydrological Services and other Relevant Service Providers*. [1100, Treoirleabhar maidir le Córais Bainistíochta Cáilíochta a Chur chun feidhme le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíocha agus Hidreolaíocha agus Soláthraithe Seirbhísí Ábhartha eile].

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.5. Comhchuibhiú feabhsaithe ar fhaisnéis SIGMET

Is é is aidhm leis an leasú seo comhordú a dhéanamh ar oifigí faireacháin meitéareolaíoch agus faisnéis SIGMET á heisiúint acu, mar chleachtas molta in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago chun aghaidh a thabhairt ar fhaisnéis SIGMET atá neamhréireach nó nach bhfuil le fáil ar chor ar bith i gcodanna áirithe den domhan. Ós rud é go ndearnadh dul chun cinn i leith feabhas a chur ar chomhchuibhiú faisnéise SIGMET trí ghníomhaíochtaí comhordaithe déthaobhacha agus iltaobhacha i roinnt réigiún, tá sé beartaithe ag METP/4 cleachtas molta a chur i bhfeidhm le haghaidh gach Stáit a bhfuil sé de chúram orthu faisnéis SIGMET a eisiúint.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.6. Cairteacha Samhlacha (Samhail VAG agus Samhail SVA) arna n-úsáid i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 3

Táthar a bheartú leasú a dhéanamh ar na cairteacha samhlacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago chun suíomh agus méid scamaill an luaithreamháin bholcánaigh a léiriú. Maidir leis sin, tugtar aghaidh sa togra ar an ngá atá le heasnaimh shainaitheanta sna samhlacha atá ann cheana MODEL VAG agus MODEL SVA atá á n-úsáid i bhFoscríbhinn 1, go sonrach nuair a bhaineann sé le teilgin léarscáileanna, léiriú polagán chun cur síos a dhéanamh ar chumhdach an scamaill/na scamall luaithreamháin bholcánaigh agus sraitheanna na scamall. Ina taisceánach di ar na cairteacha samhlacha go léir atá á n-úsáid i bhFoscríbhinn 1, d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta (WMO) uasmhéid dá shampla in aghaidh gach MODEL VAG agus MODEL SVA.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.7. Faisnéis ón gcóras domhanda um réamhaisnéisí meitéareolaíocha aerloingseoireachta (WAFS)

Cuirtear feabhas ar réamhaisnéisí ón gcóras domhanda um réamhaisnéisí meitéareolaíocha aerloingseoireachta (WAFS) mar a iarradh de thoradh na conclúide ó Chruinniú na Roinne Meitéareolaíochta ICAO/WMO (MET/14, 2014) leis an leasú atáthar a bheartú. Áirítear ar na ceanglais sin: (a) feabhsuithe ar an taifeach spásúil cothrománach sna greillí guaise (e.g. sruthlam, oighriú agus cumalainimbeas (CB) réamhaisnéisí ó spásáil cothrománach reatha

1.25 céim go 0.25 céim; agus (b) athruithe ar na paraiméadair atá á réamhaisnéisiú. Maille leis an méadú sin ar thaifeach na ngreillí guaise, cuirfear faisnéis faoi shruthlam agus déine oighrithe in ionad féidearthachtaí sruthlaim agus oighrithe. Ina theannta sin, cuirfear deireadh le réamhaisnéisí ar phointí greille a bhaineann le sruthlam laistigh de scamaill, rud a chuirfidh na réamhaisnéisí nua ar phointí greille a bhaineann le déine sruthlaim laistigh de scamaill síos go Leibhéal Eitilte (FL)100, FL140 agus FL180. Soláthrófar faisnéis níos fónta ó thaobh na heolaíochta de faoi shruthlam ná an t-algartam faoi shruthlam taobh istigh de scamaill atáthar a chur as feidhm de bharr na leibhéal nua sruthlaim agus iad á n-úsáid le greille scamall CB. Tá na feabhsuithe sin ar thaifeach ingearach agus cothrománach réamhaisnéisí WAFS beartaithe chun riar go hiomlán do riachtanais an tionscail eitlíochta.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.8. Treoracha comhairleacha faoi chioclóin thrópaiceacha agus SIGMET le haghaidh cioclón trópaiceach

Táthar a bheartú leasú a dhéanamh ar na teachtaireachtaí comhairleacha a bhaineann le cioclóin thrópaiceach ó (TC) SIGMET agus TC chun neamhréireachtaí agus easnaimh i bhformáid na dteachtaireachtaí sin a cheartú agus a laghdú. Is é rud go gcabhródh na hathruithe atáthar a bheartú le húsáideoirí gan míthuiscint a bhaint astu agus iad a mheascadh leis na himpleachtaí sábháilteachta a bhaineann leo. De bharr na n-athruithe sin, chuirfí feabhas ar an mbailíochtú agus ar aistriúchán na dteachtaireachtaí sin ó chóid alfa-uimhriúla thraidisiúnta (TAC) go Samhail ICAO um Malartú Faisnéise Meitéareolaíche (IWXXM) chun earráidí IWXXM a sheachaint.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.9. Forálacha maidir le faisnéis chomhairleach faoi dhálaí aimsire sa spás

Is é is aidhm don Leasú atáthar a bheartú chun feabhas a chur ar na forálacha atá ann cheana maidir le dálaí aimsire sa spás. De bharr na bhfeabhsuithe sin, beifear in ann déileáil le níos mó ná dáil aimsire spáis amháin (i.e. córas domhanda loingseoireachta satailíte (GNSS), radaíocht, cumarsáidí satailíte (SATCOM) agus cumarsáidí ardmhinicíochta (HF COM) leis an déine chéanna atá le cur le chéile i dtreoir chomhairleach amháin faoi dhálaí aimsire spáis, agus beifear in ann cur síos a dhéanamh ar na dálaí aimsire spáis go léir agus bandaí leithid. Ina theannta sin, cuirtear feabhas ar thaifeach ingearach na faisnéise a thabharfar leis an téacs atáthar a bheartú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.10. Paraiméadair atá ar iarraidh nó mícheart, nó an dá chineál paraiméadair, a shonrú in METAR

Áiritheofar leis an Leasú atáthar a bheartú gur fusa is féidir paraiméadair éigeantacha atá ar iarraidh nó mícheart, nó an dá chineál paraiméadair, in METAR, i bhfoirm TAC a shonrú i

scéimre IWXXM chun teipeanna a sheachaint sa phróiseas bailíochtaithe a luaithe a aistreofar na paraiméadair ó TAC go IWXXM. Measann METP gur ríthábhachtach an moladh é soladas (/) a úsáid chun go sonrófar figiúr nó litir atá ar iarraidh i dtuairisceáin mheitéareolaíocha san aistriú go IWXXM agus go bhfuil sé tábhachtach an soladas a úsáid sa bhainistíocht faisnéise freisin ar fud an chórais (SWIM).

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.11. Luachanna tairsí athbhreithnithe maidir le ráta ídithe guairneán (EDR)

Is é is aidhm don mholadh nuashonrú a dhéanamh ar an ráta ídithe guairneán (EDR) agus ar an méadrach innéacsbhunaithe maidir le sruthlam aerárthaí a thuairisciú. Ós rud é gur léiríodh san fhianaise eolaíochta go bhfuil na luachanna tairsí EDR in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ró-ard, is é a mholtar sa togra: (a) luachanna tairsí EDR nuashonraithe atá bunaithe ar staidéir eolaíocha as os cionn 100 milliún tuarascáil faoi shruthlaim aerárthaí; (b) roinnt coigeartuithe maidir le téarmaíocht; agus (c) nóta míniúcháin amháin a chur isteach.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.12. Faisnéis ó AIRMET agus GAMET

De bharr an leasaithe atáthar a bheartú, beifear in ann réamhaisnéisí aimsirí limistéar le haghaidh eitiltí íos-airde a ullmhófar agus a thairgfear i gcomhréir le comhaontú na n-údarás réigiúnach aerloingseoireachta a tharchur chuig Seirbhís Faisnéise Sonraí Slána Eitlíochta (SADIS) agus Seirbhís Comhad Faisnéise WAFS (WIFS). De thoradh an athraithe ar an gceanglas, athrú a d'iarr úsáideoirí aerloingseoireachta, soláthrófar tacar sonraí AIRMET agus GAMET níos cuimsithí agus, dá bhrí sin, bainfidh úsáideoirí SADIS agus WIFS ar fud an domhain tairbhe as sin.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.13. Ábhar radaighníomhach a scaoileadh isteach san atmaisféar

Is gá an leasú atáthar a bheartú agus a bhaineann le scamaill radaighníomhacha (RDOACT CLD) SIGMET go mbeidh sé i gcomhréir le Leasú 78 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago lenar tugadh isteach léiriú limistéar RDOACT CLD SIGMET trí bhíthin sorcóir ga fhosaithe lena gcumhdaítear na leibhéil eitilte go léir agus atá neamhspleách ar an am. De bharr na n-athruithe ar Thábla A6-1A (Teimpléad le haghaidh theachtaireachtaí SIGMET agus AIRMET) agus ar Shampla A6-4 (Teachtaireacht SIGMET le haghaidh scamaill radaighníomhacha) d'Iarscríbhinn 3 atáthar a bheartú, déanfar na ceanglais atá ann cheana a shimpliú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.14. Stoirmeacha deannaigh throim a chur isteach i dTáblaí A4-1 agus A6-1B a bhaineann le tuarascálacha ar leith faoin aer a uasnascadh agus a íosnascadh

Áireofar sa leasú atá a bheartú tuairisciú stoirmeacha deannaigh throim (HVY DS) i dtuarascálacha ar leith chun a fheabhsú a oiread agus a sholáthrófar faisnéis den chineál sin i dtuarascálacha ar leith, rud a chabhróidh le tionscal na heitlíochta sibhialta idirnáisiúnta.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.2.15. Samhail ICAO um malartú faisnéise meitéareolaíche (IWXXM) agus líonra teileachumarsáidí fosaithe aerloingseoireachta (AFTN) agus seirbhís fhosaithe aerloingseoireachta (AFS)

Tugtar isteach leis na forálacha atáthar a bheartú roinnt mionathruithe ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago chun IWXXM a mhalartú, ós rud é nach féidir IWXXM a mhalartú tríd an líonra teileachumarsáidí fosaithe aerloingseoireachta (AFTN). Chun na críche sin, tagraíonn siad do théarma cineálach na seirbhíse fosaithe aerloingseoireachta (AFS) lena n-áirítear AFTN, agus "don chóras láimhseála teachtaireachtaí seirbhísí aerthrách ta (ATS) (AMHS)" araon, lenar féidir IWXXM a mhalartú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.3. **Leasú 61 ar Iarscríbhinn 4 maidir le Cairteacha Aerloingseoireachta (mír 17 ar an gclár oibre)**

2.3.1. Tuairisc

Baineann an Leasú atáthar a bheartú le cairteacha faoi reanna sciatháin infhillte, áiseanna aerloingseoireachta ar an talamh maidir le nósanna imeachta aerloingseoireachta feidhmíochtbhunaithe (PBN), uirlisí dromchla deighleán amhairc, agus oibríochtaí comhuaineacha ar rúidbhealaí comhthreomhara agus neas-chomhthreomhara.

2.3.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacú leis an Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.4. **Leasuithe 44, 37, 23 faoi seach ar Chodanna I, II agus III d'Iarscríbhinn 6 maidir le hOibríochtaí Aerárthaí (míreanna 18, 19 agus 20 ar an gclár oibre)**

2.4.1. Tuairisc

Baineann Leasú 44 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6 le híoschoinníollacha oibríochta aeradróm, tuirlingt leanúnach an ascnaimh dheiridh, CAT III, Airteagal 83 bis, taifeadáin eitilte, limistéir choinbhleachta, urrann lasta, córas réamhrabhaidh neasachta talaimh (GPWS) agus seaicéid tarrthála. Baineann Leasú 37 ar Chuid II d'Iarscríbhinn 6 agus Leasú 23 ar Chuid III d'Iarscríbhinn 6 le híoschoinníollacha oibríochta aeradróm, tuirlingt leanúnach an ascnaimh dheiridh, CAT III, Airteagal 83 bis, agus taifeadáin eitilte.

2.4.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún[9].

2.4.3. Seasamh ón Aontas

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú a mholtar.

Moltar, áfach, go gcuirfí deireadh leis an oibleagáid a thugtar isteach, an oibleagáid atá ar an aeroibreoir chun fíorchóipeanna deimhnithe den chomhaontú in Airteagal 83bis a iompar in aerárthach atá faoi réir comhaontú den chineál sin. Ní bhainfear aon leas sábháilteachta as an gceanglas sin, agus féadfar an fhaisnéis a sholáthar trí bhíthin modhanna eile, e.g. taisclann ICAO, nó oibleagáid a chur ar Stáit chonarthacha a théann i mbun comhaontuithe den chineál sin iad sin a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.

Mura n-éistfear leis na moltaí sin, ba cheart tacú leis an leasú, mar sin féin, ós rud é go bhfuil fiúntas mór ag baint leis.

2.5. **Glacadh Leasú 92 ar Iarscríbhinn 10 maidir le Teileachumarsáidí Aerloingseoireachta , Imleabhar I agus Imleabhar II (míreanna 21 agus 22 ar an gclár oibre)**

2.5.1. Tuairisc

Imleabhar I: Baineann an Leasú atáthar a bheartú le córas domhanda loingseoireachta satailíte (GNSS) agus gnáth-áiseanna aerloingseoireachta, leasú a tháinig aníos ón gceathrú cruinniú den Phainéal um Chórais Aerloingseoireachta agus ón gcúigiú cruinniú (NSP/4 agus 5). Sa Leasú atáthar a bheartú, tugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas: (a) catagóirí feidhmíochta saoráidí sna córais tuirlingthe le hionstraimí (ILS); (b) soláthar na faisnéise faoi stádas oibriúcháin seirbhísí raidió aerloingseoireachta; (c) forálacha maidir le nuashonrú ar an gcóras méadúcháin bunaithe ar shatailítí (SBAS) chun soláthraithe seirbhísí nua SBAS a thabhairt isteach, aitheantóir caighdeánach nua don Am Uilíoch Lárnach (UTC), agus ceanglais maidir le monatóireacht a dhéanamh ar eisiúint sonraí ón gCóras Suite Domhanda (GPS); (d) forálacha maidir lena áirithiú go mbeidh an córas méadúcháin ar an talamh (GBAS) le haghaidh craoltóireacht sonraí (VDB) ardmhinicíochta (VHF) comhoiriúnach le raon raidió uilethreoch (VOR) ILS agus VHF; (e) soiléirithe agus ceartúcháin i ndáil le forálacha GBAS; agus (f) treoir bhreise faoi theorainneacha sláine réamhrabhaidh GNSS.

Imleabhar II: Baineann an togra le samhail ICAO um malartú faisnéise meitéareolaíche (IWXXM), líonra teileachumarsáidí fosaithe aerloingseoireachta (AFTN), agus seirbhís fhosaithe aerloingseoireachta (AFS).

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.5.3 go pointe 2.5.9.

2.5.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373

[9] Rialachán (AE) Uimh 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

2.5.3. Leasú maidir le catagóirí feidhmíochta saoráidí sna córais tuirlingthe le hionstraimí (ILS) (Imleabhar I)

Áirítear ceithre ghrúpa athruithe ar an Leasú maidir le catagóirí feidhmíochta saoráidí ILS:

(1) athruithe a bhaineann leis an mapáil dhíreach idir an chatagóir feidhmíochta saoráidí ILS (FPC) agus an chatagóir oibríochtaí ascnaimh ionstraimí a scor. Tá na hathruithe sin beartaithe chun an fhorbairt a tháinig ar na sainmhínithe oibríochta in Iarscríbhinn 6 le déanaí a léiriú — Oibríocht Aerárthaí a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus in "*the Manual of All-Weather Operations (Doc 9365)*" [an Lámhleabhar Oibríochtaí Uile-aimsire (Doic 9365)] ina bhfuil roinnt nithe atá ar neamhréir le forálacha reatha d'Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún;

(2) athruithe a bhaineann le sainmhíniú Chatagóir I Feidhmíochta Saoráidí (FPC 1) a athrú síos go 30 m (100 troigh) os cionn na tairsí. Tá na hathruithe sin beartaithe chun neamhréir idir an íosteorainn chumhdaigh a úsáidtear i sainmhíniú in FPC I agus an teorainn chomhfhreagrach a úsáidtear sa chuid is mó de na Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (SARPanna) le haghaidh FPC-I a bhaint;

(3) athruithe a bhaineann le scéim aicmiúcháin ILS fheabhsaithe a thabhairt isteach. Tá na hathruithe sin beartaithe chun an leas is fearr is féidir a bhaint as saoráid ILS i gcás feidhmíocht chaighdeánach níos fearr a bheith ar eolas;

(4) athruithe a bhaineann le feidhm logaimsitheora "comhghlasála" ILS. Tá na hathruithe sin beartaithe chun roinnt srianta oibriúcháin neamhriachtanacha a thagann chun cinn as na forálacha reatha a bhaineann leis an bhfeidhm sin a bhaint.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.4. Leasú maidir le soláthar na faisnéise faoi stádas oibriúcháin seirbhísí raidió aerloingseoireachta (Imleabhar I)

Tá an Leasú sin beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gCaighdeán (2.3 d'Imleabhar I d'Iarscríbhinn 10) maidir le stádas oibriúcháin seirbhísí raidió aerloingseoireachta, an caighdeán sin a chur chun feidhme nó a léirmhíniú, nó an dá rud sin a dhéanamh araon.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.5. Leasú ar fhorálacha maidir le nuashonrú ar an gcóras méadúcháin bunaithe ar shatailítí (SBAS) chun soláthraithe seirbhísí nua SBAS a thabhairt isteach, aitheantóir caighdeánach nua don Am Uilíoch Lárnach (UTC), agus ceanglais maidir le monatóireacht a dhéanamh ar eisiúint sonraí (IOD) ón gCóras Suite Domhanda (GPS)(Imleabhar I)

Tá an Leasú sin beartaithe forbairt leanúnach ceithre SBAS nua san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, sa tSín, i bPoblacht na Cóiré, agus forbairt leanúnach na Gníomhaireachta um Shábháilteacht Aerloingseoireachta san Afraic agus in Madagascar (ASECNA); agus foráil

nua a dhéanamh maidir le sásra nua chun úsáideoirí SBAS a chosaint i gcás aimhrialtachta in eisiúint na sonraí, clog (IODC)/eisiúint dáta, sonraí eifimirise (IODE) a dhéantar a tharchur sa teachtaireacht aerloingseoireachta GPS.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.6. Leasú a bhaineann le comhoiriúnacht go mbeidh an córas méadúcháin ar an talamh (GBAS) le haghaidh craoltóireacht sonraí (VDB) ardmhinicíochta (VHF) comhoiriúnach le raon raidió uilethreoch (VOR) ILS agus VHF (Imleabhar I)

Tá an Leasú sin beartaithe chun a bhunú go mbeidh GBAS le haghaidh craoltóireacht sonraí (VDB) ardmhinicíochta (VHF) comhoiriúnach le logaimsitheoirí ILS agus VOR a roinneann an banda minicíochta oibriúcháin le GBAS agus tá sé beartaithe chun tacú le GBAS a chur chun feidhme trí na sannacháin a chomhordú idir GBAS, ILS agus VOR.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.7. Leasú a bhaineann le soiléirithe agus ceartúcháin maidir le forálacha GBAS (Imleabhar I)

Áirítear roinnt soiléirithe agus ceartúcháin eagarthóireachta maidir le forálacha GBAS sa Leasú sin.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.8. Leasú a bhaineann le treoir bhreise faoi theorainneacha foláirimh sláine GNSS (Imleabhar I)

Tá an Leasú beartaithe chun treoir bhreise i ndáil le teorainn foláirimh ingir (VAL) le haghaidh ascnamh Chatagóir I GNSS a sholáthar.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.5.9. Leasú iarmhartach a bhaineann le seirbhís fhosaithe aer loingseoireachta (AFS) (Imleabhar II)

Sa Leasú 10 ar Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago – Teileachumarsáidí Aerloingseoireachta, Imleabhar II – Nósanna Imeachta Cumarsáide lena n-áirítear iad sin a bhfuil stádas PANS acu, tá téacs breise ann lena dtugtar tacaíocht go sainráite do na teachtaireachtaí meitéareolaíocha a iompar tríd an gcóras láimhseála teachtaireachtaí seirbhísí aerthráchta (ATS) (AMHS).

Gabhann an ceanglas sin le Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus Leasú 9 iarmhartach ar Nósanna Imeachta um Sheirbhísí Aerloingseoireachta — Bainistíocht Aerthráchta (PANS-ATM, Doic 4444). Is é an rogha modha é AMHS chun an trácht teachtaireachtaí a iompar mar gheall ar Leasú 79 ar Iarscríbhinn 3, mar go bhféadfadh

sé nach mbeadh roinnt líonraí teileachumarsáide fosaithe aerloingseoireachta in ann déanamh amhlaidh.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.6. **Leasú 52 ar Iarscríbhinn 11 maidir le Seirbhísí Aerthráchta (mír 23 ar an gclár oibre)**

2.6.1. Tuairisc

Baineann na Leasuithe atáthar a bheartú le pleanáil theagmhasach i leith limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Tá na Leasuithe sin bunaithe ar na moltaí sábháilteachta a rinne Bord Sábháilteachta na hÍsiltíre (DSB) tar éis thionóisc Eitilt 17 de chuid Malaysia Airlines (MH17) agus tá siad bunaithe ar na moltaí a rinne an Tascfhórsa maidir le Rioscaí a bhaineann le hEitlíocht Shibhialta de dheasca limistéir ina bhfuil coinbhleacht (TF RCZ) (C-DEC 203/1). Baineann an togra le leasuithe i bhfoirm foráil nua maidir le haisléamh ó thiománaithe feithiclí oibríochtúla.

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.6.3 agus i bpointe 2.6.4.

2.6.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán (AE) 2018/1139

2.6.3. Leasú a bhaineann le pleanáil theagmhasach i leith limistéir ina bhfuil coinbhleacht

Ag féachaint do roinnt de na moltaí sábháilteachta a rinne an Bord Sábháilteachta na hÍsiltíre (DSB) tar éis a n-imscrúdaithe ar thionóisc MH17, forbraíodh tograí i ndáil le pleanáil theagmhasach a bhaineann le limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Maidir leis sin, chuir ICAO tús le gníomhaíocht chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha de chuid ICAO, lena n-áirítear leasuithe ar Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago um Sheirbhísí Aerthráchta. Is é is aidhm leis an Leasú atáthar a bheartú feabhas a chur ar mheasúnú riosca um shábháilteacht a dhéantar nuair a tharlaíonn gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach d'eitlíocht shibhialta.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.6.4. Foráil nua maidir le haisléamh ó thiománaithe feithiclí oibríochtúla

D'fhorbair PANS-Grúpa Staidéir Aeradróm (PASG) togra maidir le hocht gcaibidil nua a chur leis na Nósanna Imeachta um Sheirbhísí Aerloingseoireachta (PANS) - Aeradróim (Doic. 9981) lena gclúdófar oiliúint foirne oibríochtaí aeradróim; iniúchadh an limistéir gluaiseachtaí; obair idir lámha (WIP) taobh an aeir; smionagar de bharr ábhar coimhthíoch (FOD); bainistíocht fiadhúlra; sábháilteacht naprún; sábháilteacht an rúidbhealaigh; agus ceanglais maidir le scéim ceadanna do thiománaithe aeradróim agus sábháilteacht feithiclí/trealaimh. I bhfianaise an togra sin, dréachtaíodh foráil nua le haghaidh Iarscríbhinn 11 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago maidir le haisléamh ó thiománaithe feithiclí oibríochtúla. Go n-uige seo, níl aon cheanglas in Iarscríbhinn 11 ar rialtóirí an cead rialaithe a thugann siad do thiománaithe feithiclí a aisléamh ná ar thiománaithe na bhfeithiclí an cead rialaithe a athrá.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.7. **Leasú 18 ar Iarscríbhinn 13 maidir le hImscrúdú ar Thionóiscí Aerárthaí (mír 24 ar an gclár oibre)**

2.7.1. Tuairisc

Is é is aidhm leis an togra na téarmaí 'moladh sábháilteachta atá ann don domhan uile' agus 'taifeadtaí ón talamh le haghaidh imscrúduithe' a shainmhíniú.

2.7.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán (AE) 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh 'comhaontú leis na barúlacha' agus an téacs athbhreithnithe seo a leanas a mholadh: "*Moladh sábháilteachta atá ann don domhan uile (SRGC).* Moladh sábháilteachta maidir le heasnamh córasach ar dócha go mbeadh sé ann arís agus iarmhairtí móra ar an leibhéal domhanda chomh maith leis sin, agus easnamh ar dá thoradh is gá ~~gníomhaíocht tráthúil chun feabhas a chur uirthi~~ machnamh tráthúil ar ghníomhaíochtaí sábháilteachta iomchuí."

Ba cheart an ghné neamhéigeantach a bhaineann le 'moltaí sábháilteachta' a shoiléiriú san athrú foclaíochta.

2.8. **Leasú 15 agus Leasú 9 ar Iarscríbhinn 14 maidir le hAeradróim, Imleabhar I agus Imleabhar II (mír 25 agus mír 26 ar an gclár oibre)**

2.8.1. Tuairisc

Imleabhar I: Baineann an togra le dearadh agus oibríochtaí aeradróm agus áiseanna amhairc le haghaidh aerloingseoireachta.

Imleabhar II: Baineann an Leasú atáthar a bheartú le modhnuithe ar dhearadh aeradróm agus ar shonraíochtaí oibríochta a tháinig ón tríú cruinniú de chuid an Phainéil um Dhearadh agus Oibríochtaí Aeradróm (ADOP/3) agus ón ochtú cruinniú de chuid PANS-Grúpa Staidéir Aeradróm (PASG/8).

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.8.3 agus i bpointe 2.8.4.

2.8.2. Dlí ábhartha an Aontais

Imleabhar I: Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún[11] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373

Imleabhar II: Rialachán (AE) Uimh. 139/2014

2.8.3. Leasú ar dhearadh agus oibríochtaí aeradróm agus áiseanna amhairc le haghaidh aerloingseoireachta

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35).

[11] Rialachán (AE) Uimh 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 ina leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 44, 14.2.2014. lch. 1).

2.8.4. Leasú a bhaineann le modhnuithe ar dhearadh aeradróm agus ar shonraíochtaí oibríochta

Tugtar isteach leis an togra leasuithe cuimsitheacha a bhaineann le saintréithe fisiciúla héileaport, áiseanna amhairc, agus seirbhísí tarrthála agus comhrac dóiteán. Áirítear leo freisin modhnuithe ar shainmhínithe comhlachaithe éagsúla agus tagairtí d'ábhar treorach forbartha atá le cur san áireamh sa Lámhleabhar Héileaport nuashonraithe (Doic 9261).

Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfaidh deacrachtaí áirithe a bheith ann don Aontas Eorpach de dheasca caighdeáin áirithe i gCaibidil 5 d'Iarscríbhinn 14 Imleabhar II a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus sainmhíniú seirbhísí tarrthála agus comhrac dóiteán a scriosadh. Mar gheall ar na hathruithe sin, níor mhór Sonraíochtaí Deimhniúcháin ábhartha de chuid an EASA a aisghairm, sonraíochtaí a cuireadh chun feidhme ar bhonn comhchuibhithe go n-uige seo. Maidir leis na forálacha le haghaidh gníomhaíochtaí tarrthála agus comhrac dóiteán, chuirfí na rialacha nua bac ar an gcur chun feidhme comhchuibhithe toisc gur gá measúnú aonair ar shábháilteacht héileaport a dhéanamh i dtaca lena gcur i bhfeidhm.

Mar sin féin, i bhfianaise na n-athruithe cuimsitheacha eile, a dtugtar tacaíocht dóibh go léir toisc na leasanna sábháilteachta atá acu, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.9. **Leasú 41 ar Iarscríbhinn 15 maidir le Seirbhísí Faisnéise Aerloingseoireachta (mír 27 ar an gclár oibre)**

2.9.1. Tuairisc

Baineann an Leasú atáthar a bheartú le pleanáil theagmhasach maidir le limistéir ina bhfuil coinbhleacht.

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.9.3.

2.9.2. Dlí ábhartha an Aontais:

Rialachán (AE) 2018/1139

2.9.3. Leasú atá de dhíth de dheasca saincheisteanna a bhaineann le pleanáil theagmhasach maidir le limistéir ina bhfuil coinbhleacht

I bhfianaise an dá mholadh sábháilteachta a cuireadh faoi bhráid ICAO i dTuarascáil Chríochnaitheach de chuid Bhord Sábháilteachta na hÍsiltíre faoi thionóisc Eitilt 17 de chuid Malaysia Airlines (MH17), mhol an Coimisiún um Aerloingseoireacht do Chomhairle ICAO leasú i bhfoirm caighdeán atá le cur le hIarscríbhinn 15 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Mhol Bord Sábháilteachta na hÍsiltíre "go ndéanfar Caighdeáin a ionchorprú go mbeidh ar Stáit atá ag déileáil le coinbhleacht armtha ina gcríocha féin faisnéis atá chomh sonrach agus is féidir a fhoilsiú go luath maidir le cineál agus le méid bhagairtí na coinbhleachta sin agus na hiarmhairtí d'eitlíocht shibhialta [...]". Is é is aidhm leis an leasú atáthar a bheartú feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi na gníomhaíochtaí atá contúirteach d'eitlíocht shibhialta a fógraíodh tríd an bhFógra d'Eitleoirí (NOTAM), agus aghaidh a thabhairt freisin ar chás sonrach na limistéar ina bhfuil coinbhleacht. Beidh na mionsonraí atá níos cruinne ina gcabhair don measúnú a dhéanann oibreoirí ar na rioscaí a bhaineann leis an limistéar ina bhfuil coinbhleacht.

Má ghlactar an Leasú, cuirfear feabhas ar mheasúnú agus ar fhoilsiú faisnéise maidir le cineál agus méid bagairtí coinbhleachta agus na hiarmhairtí a bhaineann leo le haghaidh eitlíocht shibhialta, ar ábhar é i bpointe (b) d'Airteagal 88(3) de Rialachán (AE) 2018/1139. San Airteagal sin tugtar de chumhacht do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis ábhartha a scaipeadh agus bearta ceartaitheacha a mholadh nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla nó do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi réir an Rialacháin sin a dhéanamh, i gcás ina n-eascraíonn rioscaí d'eitlíocht shibhialta ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Mar gheall ar an Leasú i dteannta ábhar treorach ICAO lena mbaineann maidir le limistéir ina bhfuil coinbhleacht, chuirfí feabhas mór ar bheachtas agus críochnúlacht gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais ar cheart d'oibreoirí uile an Aontais a bhaineann le limistéar ina bhfuil coinbhleacht rochtain a bheith acu orthu.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.

2.10. **Leasú 13, Leasú 10 agus Leasú 1 ar Iarscríbhinn 16 maidir le Cosaint an Chomhshaoil, ar Imleabhar I, Imleabhar II agus Imleabhar III faoi seach (mír 28, mír 29 agus mír 30 ar an gclár oibre)**

2.10.1. Tuairisc

Baineann an togra le torann aerárthaí.

Leagtar amach na mionsonraí i bpointe 2.10.3.

2.10.2. Dlí ábhartha an Aontais

Rialachán (AE) 2018/1139

2.10.3. Feabhas a chur ar chaighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le hastaíochtaí torainn agus gáis.

Is toradh de chuid obair thríbhliantúil dheireanach an Choiste um Eitlíocht agus Cosaint an Chomhshaoil (CAEP) iad na Leasuithe a tíolacadh.

Rinne an tAontas breithiúnas fabhrach ar a bhforbairt laistigh de roinnt seasamh i ndiaidh a chéile a glacadh nuair a bhíothas i mbun na hoibre teicniúla ar leibhéal ICAO. Déantar tagairt do na seasaimh a ghlac an Chomhairle maidir le Litreacha Stáit 19/42, 19/43, 19/44.

Maidir le glacadh Leasú 13 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar I, tá ceartúcháin ann a bhaineann le saincheisteanna ginearálta teicniúla, saincheisteanna ainmníochta agus saincheisteanna clóghrafacha. Lena chois sin, is é is aidhm dó athbhreithniú a dhéanamh freisin ar shainmhínithe ina n-úsáidtear na focail “ar do thaobh”, sainmhíniú ar “rianta tagartha”, an meánlamháltas sonraithe le haghaidh am mall easpónantúil chun aga freagartha easpónantúil iarbhír a bhfuil amtairiseach soicind amháin ann a thréithriú ar bhonn níos fearr. Ar deireadh, tá athbhreithnithe ann a bhaineann le húsáid cheart briathra modhacha “ní mór”, “beidh” agus “ba cheart”.

Maidir le Leasú 10 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar II, tugann sé le fios go ndearna an ICAO CAEP (ag an aonú chruinniú déag, a tionóladh Feabhra 2019) caighdeáin mhaise agus uimhreacha maidir le hábhar cáithníneach do-ghalaithe (nvPM) a fhormheas. De bharr an caighdeán nua sin a fhorbairt, is é rud atá an chomhchuid dheireanach de dheimhniúchán comhshaoil aerárthaí tugtha chun críche agus, dá bhrí sin, is é rud atá saincheisteanna a

bhaineann le caighdeáin faoi thorann, faoi aercháilíocht sa timpeallacht áitiúil agus faoi CO2 le haghaidh eitleáin fhoshonacha réitithe.

Beidh feidhm ag an gcaighdeán nua sin ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh maidir le cineálacha nua inneall agus innill atá á dtáirgeadh ina bhfuil sá níos cumhachtaí ná 26.7kN. Tugtar roinnt maolú le haghaidh innill ina bhfuil sá níos laige ná 150kN leis an teorainn le mhais agus uimhir nvPM.

Maidir le Leasú 1 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar III, baineann na tograí le sainmhíniú ar "dearadh cineáil" agus feabhsuithe ar shainmhínithe éagsúla a thabhairt isteach; soiléiriú maidir le hinfheidhmeacht caighdeán i ndáil le leaganacha díorthaithe CO2-dheimhnithe d'eitleáin neamh-CO2-dheimhnithe; Soiléiriú maidir leis an údarás atá i gceannas ar dhíolúintí a eisiúint agus atá i gceannas ar phróiseas taifeadta na ndíolúintí; i roinn na gcoinníollacha tagartha, téacs iomarcach a scriosadh agus saincheisteanna clóghrafacha beaga a cheartú.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt do na Leasuithe, atá i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139.

2.11. **Leasú 13 ar Iarscríbhinn 18 maidir le hEarraí Contúirteacha a Iompar d'Aer (mír 31 ar an gclár oibre)**

2.11.1. Tuairisc

Baineann an togra le téarmaíocht agus forálacha leithscartha maidir le substaintí tocsaineacha agus ionfhabhtaíocha.

2.11.2. Dlí ábhartha an Aontais

Pointe CAT.GEN.MPA.200 d'Iarscríbhinn IV i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, is é is bunús leis tabhairt faoi deara '...déanfar earraí contúirteacha a iompar d'aer i gcomhréir le hIarscríbhinn 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago'.

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh tacaíocht a thabhairt don Leasú atáthar a bheartú ina iomláine.